2026/403

25.2.2026

MOLADH (Euratom) 2026/403 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2026

maidir le leibhéil tagartha dhiagnóiseacha a bhunú, a athbhreithniú agus a úsáid le haghaidh scrúduithe radaidiagnóiseacha agus gnáthaimh raideolaíochta idirghabhálacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 33, an dara mír, agus Airteagal 106a de ina dtagraítear d'Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Tar éis dul i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 31 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 2, pointe (b) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), déantar foráil maidir le caighdeáin chomhionanna sábháilteachta a bhunú chun sláinte oibrithe agus sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíocht ianúcháin.

(2) Chun an cuspóir sin a bhaint amach, le hAirteagal 31 de Chonradh Euratom cuirtear de chúram ar an gComhairle na bunchaighdeáin chun sláinte oibrithe agus sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíocht ianúcháin a bhunú, ar thogra ón gCoimisiún, agus ceadaítear le hAirteagal 32 na bunchaighdeáin sin a athbhreithniú nó a fhorlíonadh.

(3) Ghlac an Chomhairle roinnt treoracha lena leagtar síos na bunchaighdeáin sábháilteachta sin, lena n-áirítear Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle ([1]).

(4) Le Treoir 2013/59/Euratom, bunaítear caighdeáin chun sláinte daoine aonair atá faoi réir nochtadh ceirde, nochtadh leighis agus nochtadh poiblí a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíocht ianúcháin. Tá feidhm ag na caighdeáin sin, i measc nithe eile, maidir le húsáidí leighis na radaíochta ianúcháin chun críoch diagnóiseach, teiripeach, idirghabhálach, pleanála, treorach agus fíoraithe. Is comhpháirt fhíor-riachtanach de dhiagnóisic agus de chóireáil leighis nua-aimseartha iad úsáidí leighis na radaíochta ianúcháin, rud a chuireann tairbhí móra ar fáil d'othair agus don tsochaí má dhéantar go hiomchuí iad.

(5) Le Treoir 2013/59/Euratom, sainmhínítear leibhéil tagartha dhiagnóiseacha (LTDanna) mar 'leibhéil dáileoige i gcleachtais radaidiagnóiseacha leighis nó raideolaíochta idirghabhálacha, nó, i gcás radachógas, leibhéil ghníomhaíochta, i ngnáthscrúduithe le haghaidh grúpaí othar gnáthmhéide nó i ngnáthshamhlacha le haghaidh cineálacha trealaimh a shainmhínítear go leathan'.

(6) Le hAirteagal 56(2) de Threoir 2013/59/Euratom, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbunófar LTDanna, go ndéanfar athbhreithniú rialta orthu agus go n-úsáidfear iad le haghaidh scrúduithe radaidiagnóiseacha agus, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh gnáthaimh raideolaíochta idirghabhálacha, ag féachaint do na LTDanna Eorpacha atá molta, i gcás ina mbeidh fáil orthu. Ina theannta sin, le hAirteagal 58, pointe (f), ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar athbhreithnithe áitiúla iomchuí aon uair a sháraítear LTDanna go comhsheasmhach, agus go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí gan moill mhíchuí.

(7) Thug Coimisiún Idirnáisiúnta um um Chosaint ar Radaíocht (ICRP) coincheap LTDanna isteach den chéad uair in 1991 ([2]) agus ó shin rinneadh tuilleadh forbartha air agus aithníodh é mar ghné bhunúsach den optamú i nochtadh leighis. Is cuid de reachtaíocht Euratom iad LTDanna ó tháinig Treoir 97/43/Euratom ([3]) i bhfeidhm, agus neartaíodh iad a thuilleadh i dTreoir 2013/59/Euratom ón gComhairle.

([1]) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos bunchaighdeáin sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/59/oj).

([2]) ICRP 1991. *1990 Recommendations of the International Commission on Radiological Protection. ICRP Publication 60.* Ann. ICRP 21 (1-3).

([3]) Treoir 97/43/Euratom ón gComhairle an 30 Meitheamh 1997 maidir le cosaint sláinte daoine aonair ar na contúirtí atá le radaíocht ianúcháin i ndáil le nochtadh leighis agus lena n-aisghairtear Treoir 84/466/Euratom (IO L 180, 9.7.1997, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1997/43/oj).

(8) Tá gnáthaimh leighis fós ar an bhfoinse shaorga is mó nochtadh don radaíocht ianúcháin atá roimh an bpobal, agus sainaithnítear dúshláin sábháilteachta agus cháilíochta ar leith sa raideolaíocht dhiagnóiseach agus idirghabhálach, sa radaiteiripe, agus i ngnáthaimh míochaine núicléiche. Léiríodh i dtuarascáil le déanaí ó Choiste Eolaíoch na Náisiún Aontaithe maidir le hÉifeachtaí na Radaíochta Adamhaí (UNSCEAR) go bhfuil méadú tagtha ar nochtadh othar ([4]). D'fhéadfadh an t-ardú sin i ndáileog radaíochta a bheith nasctha le dul chun cinn teicneolaíoch in úsáidí leighis na radaíochta ianúcháin mar aon le méadú ar an líon tásc maidir le híomháú míochaine agus ionchas saoil níos faide an phobail.

(9) Le 10 mbliana anuas, chistigh an Coimisiún roinnt tionscadal Eorpach maidir le conas cur chun feidhme agus úsáid LTDanna sna Ballstáit a bhunú agus a éascú ([5]). I mí an Mheithimh 2024, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann maidir le LTDanna ([6]) chun meastóireacht agus plé a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme náisiúnta na gceanglas a leagtar amach i dTreoir 2013/59/Euratom agus ar an treoir a thugtar i bhfoilseacháin shraith an Choimisiúin maidir le cosaint ar radaíocht ([7]).

(10) Cé go dtacaíonn na Ballstáit go láidir le coincheap na LTDanna, lena n-áirítear LTDanna áitiúla, tá go leor LTDanna as dáta, agus tá éagsúlacht mhór ann maidir lena n-úsáid agus lena gcur chun feidhme sa chleachtas cliniciúil. Tá difríochtaí sa mhodheolaíocht, i minicíocht an athbhreithnithe agus sna dúshláin a bhaineann le bailiú sonraí. Molann na Ballstáit go láidir ról agus buntáistí na gcóras faireacháin dáileoige agus na mórshonraí maidir le LTDanna a bhunú, ach is fadhb fós í cáilíocht íseal sonraí agus an easpa caighdeánaithe agus comhchuibhithe chun sonraí struchtúrtha a chruthú. D'fhéadfadh forbairtí a rinneadh le déanaí, amhail glacadh an Rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte ([8]), cabhrú leis na cúraimí sin. Cuireadh i dtábhacht go bhfuil féidearthachtaí agus ról na hintleachta saorga (IS) maidir le feabhas a chur ar LTDanna, agus maidir le réitigh IS a chur chun feidhme sa chleachtas cliniciúil tábhachtach.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, moltaí a dhéanamh chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na forálacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le cur chun feidhme fhorálacha Threoir 2013/59/Euratom maidir le LTDanna a bhunú, a athbhreithniú agus a úsáid le haghaidh scrúduithe radaidiagnóiseacha agus gnáthaimh raideolaíochta idirghabhálacha, chun cur chuige níos comhchuibhithe a chur chun cinn ar leibhéal an Chomhphobail.

(12) Is é is aidhm don Mholadh sin tacú leis na Ballstáit, leis na húdaráis náisiúnta agus le saoráidí cúraim sláinte i gcur chun feidhme fhorálacha Threoir 2013/59/Euratom maidir le LTDanna i bhfeidhmeanna leighis na radaíochta ianúcháin, agus béim ar leith á leagan ar fheabhas a chur ar a n-úsáid in optamú laethúil na cosanta ar radaíocht.

([4]) *Tuarascáil 2020/2021 ó Choiste Eolaíoch na Náisiún Aontaithe maidir le hÉifeachtaí na Radaíochta Adamhaí (UNSCEAR), Iarscríbhinn A: Evaluation of Medical Exposure to Ionizing Radiation*. (Nua-Eabhrac: Na Náisiúin Aontaithe, 2022), https://www.unscear.org/unscear/uploads/documents/unscear-reports/UNSCEAR_2020_21_Report_Vol.I.pdf.

([5]) Féach, mar shampla, an Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, *Medical radiation exposure of the European population* [Nochtadh radaíochta leighis dhaonra na hEorpa] *(RP 180)*, Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015, https://data.europa.eu/doi/10.2833/708119; An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, *European guidelines on diagnostic reference levels for paediatric imaging* [Treoirlínte Eorpacha maidir le leibhéil tagartha dhiagnóiseacha le haghaidh íomháú péidiatraiceach] *(RP 185)*, Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018, https://data.europa.eu/doi/10.2833/486256 agus an Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, Damilakis, J., Frija, G., Jaschke, W., Paulo, G. et al., *European study on clinical diagnostic reference levels for X-ray medical imaging* [Staidéar Eorpach maidir le leibhéil tagartha diagnóiseacha chliniciúla le haghaidh íomháú míochaine X-ghathaithe] EUCLID *(RP 195)*, Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2833/452154.

([6]) An Coimisiún Eorpach, Ceardlann ar Leibhéil Tagartha Dhiagnóiseacha, an 17-18 Meitheamh 2024, Lucsamburg.

([7]) https://energy.ec.europa.eu/topics/nuclear-energy/radiation-protection/scientific-seminars-and-publications/radiation-protection-series-publications_ga.

([8]) Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847 (IO L, 2025/327, 5.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/327/oj).

(13) Cuirtear san áireamh sa Mholadh seo na seasaimh arna gcur chun cinn ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Cáilíocht agus Sábháilteacht fheidhmeanna leighis na radaíochta ianúcháin ('SGQS') ([9]), arb é is cuspóir dó tacú le cur chun feidhme gníomhaíochtaí sna Ballstáit i réimse cháilíocht agus shábháilteacht fheidhmeanna leighis na radaíochta ianúcháin. Cuirtear i dtábhacht leis na seasaimh sin an gá atá le nochtadh othar a bhainistiú agus cosaint ar radaíocht a optamú, ós rud é nach bhfuil feidhm ag teorainneacha dáileoige maidir le nochtadh leighis. D'aithin an Grúpa Stiúrtha gur uirlis fhíor-riachtanach iad LTDanna chun cosaint othar ar radaíocht a optamú, rud a chuidíonn le feabhas leanúnach a áirithiú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí cúraim sláinte. An tráth céanna, chuir siad i dtábhacht go bhfuil coincheap na LTDanna comhlántach le modhanna eile optamaithe agus d'aithin siad tábhacht na gcóras faireacháin dáileoige, mórshonraí agus IS chun bunú agus úsáid LTDanna a éascú,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Baineann an Moladh seo le dea-chleachtais maidir le leibhéil tagartha dhiagnóiseacha a bhunú, a athbhreithniú agus a úsáid le haghaidh scrúduithe radaidiagnóiseacha agus gnáthaimh raideolaíochta idirghabhálacha. Iarrann sé ar na Ballstáit na dea-chleachtais sin a leanúint.

1. **Creat náisiúnta le haghaidh LTDanna**

Ba cheart do na Ballstáit creat rialachais náisiúnta a sholáthar chun leibhéil tagartha dhiagnóiseacha (LTDanna) a bhunú, a athbhreithniú agus a úsáid agus acmhainní iomchuí a chur i leataobh chun tacú le creat den sórt sin agus chun é a choinneáil ar bun.

Ba cheart do na Ballstáit cur chuige comhsheasmhach náisiúnta a chur chun cinn maidir le LTDanna a bhunú, a athbhreithniú agus a úsáid trí na páirtithe leasmhara ábhartha agus a bhfreagrachtaí faoi seach a shainaithint go soiléir sa phróiseas. D'fhéadfadh páirtithe leasmhara ábhartha a bheith éagsúil ach ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar údaráis inniúla, boird sláinte, cumainn ghairmiúla, saoráidí cúraim sláinte, monaróirí agus díoltóirí trealaimh leighis a chur san áireamh. Ar a laghad, ba cheart bunú agus athbhreithniú LTDanna, bailiú, bailíochtú agus anailís sonraí, agus táirgeadh ábhair treorach do shaoráidí cúraim sláinte maidir le húsáid LTDanna a chur san áireamh.

Ba cheart do na Ballstáit róil faoi seach an chleachtóra, an tsaineolaí fisice leighis agus na ndaoine sin atá i dteideal gnéithe praiticiúla de ghnáthaimh raideolaíocha leighis a dhéanamh a shainiú i mbailiú, i mbailíochtú agus in anailísiú sonraí chun LTDanna a bhunú chomh maith le húsáid LTDanna mar uirlis optamaithe i saoráidí cúraim sláinte.

Ba cheart do na Ballstáit próiseas solúbtha dinimiciúil a chur i bhfeidhm chun LTDanna a bhunú agus a athbhreithniú. Tá gá le solúbthacht le haghaidh gnáthaimh nach bhfuil mórán sonraí ar fáil ina leith (e.g. gnáthaimh idirghabhálacha in othair phéidiatraiceacha), nó i gcás ina bhfuil sonraí ar fáil ó líon beag saoráidí cúraim sláinte. Tá gá le próiseas dinimiciúil chun gur féidir LTDanna tosaigh a dhíorthú ó na sonraí sin fad is atáthar ag fanacht le bailiú sonraí níos cuimsithí.

2. **Modheolaíocht le haghaidh LTDanna náisiúnta a bhunú agus a athbhreithniú**

Ba cheart do na Ballstáit scrúduithe agus gnáthaimh a shainaithint ar cheart LTDanna náisiúnta a bhunú ina leith, agus é mar aidhm leo cumhdach leordhóthanach a dhéanamh ar na scrúduithe agus na gnáthaimh is coitianta nó orthu siúd inar dáileog mhór í an dáileoig chomhchoiteann don daonra. I gcás inar féidir, i bhfianaise na riachtanas éagsúil maidir le cáilíocht íomhánna, ba cheart LTDanna náisiúnta a bhunú le haghaidh tásca cliniciúla. Aithnítear, áfach, nach bhfuil LTDanna atá bunaithe ar thásca cliniciúla oiriúnach do gach módúlacht, scrúdú agus gnáthamh, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí LTDanna atá bunaithe ar réigiúin anatamaíocha a úsáid sna cásanna sin.

Ba cheart do na Ballstáit an ainmníocht a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar thásca cliniciúla, ar scrúduithe agus ar ghnáthaimh a mheas agus LTDanna á mbunú acu. Ba cheart dóibh úsáid téarmaíochta caighdeánaithe a chur chun cinn agus tacú le forbairt téarmaíochta den sórt sin i gcás nach bhfuil sí ar fáil. Tá sé tábhachtach tuairisc chomhsheasmhach bheacht a thabhairt, go háirithe i gcás LTDanna atá bunaithe ar thásca cliniciúla.

Chun na críche sin, tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinní 1 agus 2 ar (i) na téarmaí a úsáidtear sa doiciméad seo, (ii) na cainníochtaí dáileoige ábhartha agus (iii) tásca cliniciúla, scrúduithe agus gnáthaimh ar bunaíodh LTDanna Eorpacha ina leith. Cé go bhféadfadh difríochtaí i stoic trealaimh, mar aon le minicíocht éagsúil scrúduithe agus gnáthamh, cur chuige comhchuibhithe a dhéanamh níos casta, ba cheart do na Ballstáit tagairt a dhéanamh do na hiarscríbhinní sin chun comhsheasmhacht a chur chun cinn agus LTDanna náisiúnta á mbunú acu.

([9]) Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus Ainmneacha Eintiteas Eile den Saghas Céanna, cód tagartha E03845.

Ba cheart do na Ballstáit féachaint lena áirithiú go léiríonn LTDanna náisiúnta na cleachtais náisiúnta atá ann faoi láthair agus na dáileoga gaolmhara othar, agus ba cheart dóibh minicíocht athbhreithnithe a ghlacadh a oireann do dhul chun cinn leanúnach i dteicneolaíochtaí íomháithe agus i dteicnící ísealdáileoige. Ba cheart ábharthacht na LTDanna a sheiceáil go tráthrialta trí shuirbhéanna náisiúnta, gach 3 go 5 bliana ar a laghad, ach amháin i gcás scrúduithe fiaclóireachta, ar féidir minicíocht níos ísle a ghlacadh ina leith.

3. **Sonraí a bhailiú agus luachanna LTD a shocrú**

Ba cheart LTDanna náisiúnta a bheith bunaithe ar shuirbhéanna náisiúnta dáileoige, ag bailiú sonraí ó raon ionadaíoch saoráidí cúraim sláinte. Chun go measfar iad a bheith ionadaíoch, ba cheart do na Ballstáit saoráidí poiblí agus príobháideacha araon, agus saoráidí de mhéideanna éagsúla, ón tír ar fad a áireamh. Chun dáileacháin dáileoige náisiúnta a fháil atá oiriúnach chun luachanna LTD a shocrú, ba cheart do na Ballstáit LTDanna náisiúnta a chur chun cinn bunaithe ar líon ábhartha gnáthluachanna a bhailítear ó raon iomchuí agus ionadaíoch saoráidí cúraim sláinte.

D'fhéadfaí a mheas go bhfuil gnáthluachanna ó shaoráidí cúraim sláinte a bunaíodh ó athbhreithnithe cúlghabhálacha ar líon mór othar, a fuarthas ó chórais bainistithe dáileoige nó ó stórtha dáileoige othar más féidir, ionadaíoch ar an bpobal othar fiú mura bhfuil aon fhaisnéis maidir le moirfeolaíocht an othair sna sonraí. Mar sin féin, d'fhéadfaí gnáthluachanna a bhunú freisin le haghaidh líon níos lú othar arna gcaighdeánú de réir meáchain. Sa chás sin, tá sonraí maidir le moirfeolaíocht an othair an-tábhachtach, agus ba cheart do na Ballstáit cainníochtú na gnáthmhéide a chur chun cinn (mar shampla: meáchan, airde, innéacs corpmhaise) don phobal othar chun an próiseas sin a threorú. Ba cheart aire a ghlacadh chun bailiú comhsheasmhach sonraí a áirithiú. Níor cheart atógálacha agus neamhrialtachtaí eile a áireamh sa sainmhíniú ar ghnáthscrúduithe, a úsáidtear chun gnáthluachanna a chuirtear isteach chun LTDanna a bhunú, a dhíorthú, toisc nach meastar iad a bheith mar chuid de ghnáthscrúdú. Tá sonraí den sórt sin úsáideach, áfach, le haghaidh athbhreithnithe náisiúnta agus áitiúla. Ní hamhlaidh atá i gcás méideanna móra sonraí a bhailítear trí chórais monatóireachta dáileoige, toisc go mbeidh tionchar diomaibhseach ag íomhánna diúltaithe ar ghnáthdháileog.

An luach LTD a shocraítear ag an 75ú peircintíl de dháileacháin náisiúnta na ngnáthluachanna (i.e. luachanna airmheánacha) le haghaidh cainníocht LTD ar leith, ba cheart é a ghlacadh de ghnáth mar an LTD náisiúnta ([10]).

Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar leibhéal dáileoige indéanta a bhunú ([11]), a shocrófar ag airmheán an dáileacháin dáileoige náisiúnta. Leis an leibhéal dáileoige indéanta sin, cuirtear deis bhreise ar fáil chun optamú a dhéanamh ar shaoráidí cúraim sláinte a bhfuil a ngnáthluachanna faoin LTD náisiúnta.

Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an 25ú peircintíl a bhunú mar leibhéal chun scrúduithe a shainaithint inar cheart cáilíocht leordhóthanach íomhánna diagnóiseacha a fhíorú.

Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar anailís a dhéanamh ar an dáileachán dáileoige náisiúnta chun faisnéis luachmhar a fháil faoin leibhéal optamaithe ar an leibhéal náisiúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh dáileachán leathan dáileoige a léiriú go mbeadh gá le hiarrachtaí optamaithe breise.

4. **Bailíochtú sonraí agus cáilíocht sonraí**

Ba cheart do na Ballstáit tacú le saoráidí cúraim sláinte chun rialú cáilíochta agus bailíochtú iomchuí sonraí a áirithiú sula gcuirfear isteach iad lena gcur san áireamh i ndáileacháin dáileoige náisiúnta.

Ba cheart a aithint go gcuidíonn úsáid córas monatóireachta dáileoige le LTDanna a bhunú agus iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Mar sin féin, nuair a úsáidtear méideanna móra sonraí a fhaightear ó chórais TF éagsúla, ba cheart cáilíocht agus neamhchinnteacht bhunúsach na sonraí a bhreithniú go cúramach.

Ba cheart do dhíoltóirí iarrachtaí a dhéanamh ionas go gcomhlíonann na sonraí ábhartha Digital Imaging and Communications in Medicine (DICOM) coincheap an *Radiation Dose Structured Report* ([12]). Chun na caighdeáin sin a chur chun feidhme, d'fhéadfaí próifílí comhtháthaithe amhail iad siúd ó thionscnamh IHE (*Integrating the Healthcare Enterprise*) a úsáid, mar a shonraítear sa phróifíl *IHE Radiation Exposure Monitoring (REM)* ([13]). Tá ról tábhachtach ag díoltóirí agus ag monaróirí trealaimh freisin maidir le comhchuibhiú cainníochtaí dáileoige agus aonad a thaispeántar le trealamh raideolaíoch chun feabhas a chur ar thaispeáint chomhsheasmhach cainníochtaí LTDanna ([14]), rud a d'fhéadfadh cuidiú leis an bhfoireann agus optamú a chothú.

([10]) ICRP, 2017. Leibhéil tagartha dhiagnóiseacha san íomháú míochaine. Foilseachán ó ICRP 135. Ann. ICRP 46(1).

([11]) Tuarascáil Uimh. 172 ón gComhairle Náisiúnta um Chosaint ar Radaíocht agus Tomhais Radaíochta (NCRP): *Reference Levels and Achievable Doses in Medical and Dental Imaging: Recommendations for the United States* [Leibhéil Tagartha agus Dáileoga Indéanta in Íomháú Leighis agus Fiaclóireachta: Moltaí do na Stáit Aontaithe] (2012).

([12]) https://www.dicomstandard.org/using/radiation.

([13]) https://www.ihe.net/resources/profiles/.

([14]) HERCA Working Group on Medical Applications: *HERCA Report on Equipment* (Eanáir 2021).

Ba cheart sásraí chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus ar chomhsheasmhacht na luachanna a sheiceáil i ndáil leis an scrúdú atá á bhreithniú. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar theorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ag córais uathoibrithe a úsáidtear chun LTDanna a bhunú agus a athbhreithniú. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar le monaróirí chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le hainmníocht scrúdaithe chomhchuibhithe, le rochtain ar shonraí struchtúrtha maidir le tásca cliniciúla agus le comhchuibhiú na gcainníochtaí dáileoige agus na n-aonad a thaispeántar le trealamh raideolaíoch. Tá ról tábhachtach ag rochtain ar shonraí digiteacha ar ardchaighdeán i nginiúint agus i gcur i láthair méideanna móra sonraí a úsáidtear chun LTDanna a bhunú.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid na hintleachta saorga le haghaidh fíorú agus anailísiú sonraí a bhreithniú, bunaithe ar bhailíochtú iomchuí na n-uirlisí intleachta saorga atá ar fáil. D'fhéadfadh na Ballstáit a bhfuil dul chun cinn déanta acu cheana féin sa réimse sin tacú le hiarracht chomhordaithe.

5. **Cáilíocht na n-íomhánna**

Ba cheart do na Ballstáit tacú le measúnuithe ar cháilíocht íomhánna a chur san áireamh agus coincheap na LTDanna á chur i bhfeidhm acu. Níor cheart a mheas gurb iomchuí meastóireacht a dhéanamh ar dháileog radaíochta othar bunaithe ar chainníochtaí LTD amháin, gan critéir cáilíochta íomhánna a chur san áireamh. Mura ndéanfaí sin, d'fhéadfadh cainníocht LTDanna leibhéal a bhaint amach a chuirfeadh cáilíocht na n-íomhánna i mbaol. Ba cheart do shaoráidí cúraim sláinte leordhóthanacht cháilíocht na n-íomhánna sula mbailítear sonraí dáileoige chun LTDanna náisiúnta a shocrú a chur i dtábhacht. Ba cheart a aithint go bhféadfaí an luach 25ú peircintíl a úsáid mar uirlis chun cásanna a shainaithint inar gá meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-íomhánna. Mar sin féin, ba cheart tionchar na n-uirlisí iarphróiseála íomhánna a chur san áireamh i measúnuithe ar cháilíocht íomhánna, agus déantar castacht an ghaoil idir dáileog agus cáilíocht íomhánna a mhéadú a thuilleadh trí IS a thabhairt isteach chun cáilíocht íomhánna a fheabhsú.

6. **LTDanna i suíomhanna cliniciúla sonracha**

Ba cheart do na Ballstáit bunú LTDanna náisiúnta a chur chun cinn chun scrúduithe agus gnáthaimh choiteanna a chumhdach go leordhóthanach ar fud na módúlachtaí uile, lena n-áirítear tomagrafaíocht ríomhchuidithe (CAT) léas cón dhéadach, mamagrafaíocht, íomháú hibrideach agus radaiteiripe faoi threoir íomhánna (IGRT), agus sin d'othair phéidiatraiceacha agus d'othair fásta araon.

Léiríonn difríochtaí modheolaíochta agus dúshláin i mbailiú sonraí, go háirithe sa raideolaíocht phéidiatraiceach, sa mhíochaine núicléach agus i radaiteiripe faoi threoir íomhánna, go bhfuil gá le tuilleadh forbartha agus treorach. In imthosca ina bhfuil infhaighteacht theoranta acmhainní, ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhunú LTDanna le haghaidh scrúduithe/gnáthaimh a dhéantar go minic agus le dáileoga arda agus le haghaidh scrúduithe/gnáthaimh ar dhaonraí a bhfuil rioscaí níos airde ag baint leo (e.g. othair phéidiatraiceacha).

6.1. *LTDanna Péidiatraiceacha*

Agus LTDanna péidiatraiceacha á mbunú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na difríochtaí méide aonair sa daonra sin, rud a fhágann go bhféadfadh sé a bheith deacair sonraí leordhóthanacha a bhailiú chun LTDanna a bhunú. I gcás scrúduithe/gnáthaimh ar an gcorp, moltar idirdhealú a dhéanamh idir méid de réir grúpaí meáchain seachas aoisghrúpaí, agus is fearr difreáil de réir aoisghrúpaí i gcás scrúduithe/gnáthaimh ar an gceann. Ós rud é go bhféadfadh sé nach gclárófaí meáchan go rialta fós agus/nó nach mbeadh rochtain air ó chórais TF saoráidí cúraim sláinte, féadfaidh Ballstáit a LTDanna péidiatraiceacha a bhunú ar aois fós. Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí a spreagadh chun aistriú ó LTDanna atá bunaithe ar aois go LTDanna atá bunaithe ar mheáchan. Tá tuilleadh moltaí maidir le meáchan agus aoisghrúpaí le fáil in Iarscríbhinn 3. Ina theannta sin, féadfaidh suirbhéanna chun LTDanna a bhunú díriú go príomha ar shaoráidí péidiatraiceacha speisialaithe ina bhfuil méideanna arda d'íomháú péidiatraiceach.

Chun an easpa ghinearálta sonraí dáileoige i scrúduithe/gnáthaimh phéidiatraiceacha laistigh de gach grúpa méide a shárú, is féidir na LTDanna a chur i láthair mar fheidhm den pharaiméadar a úsáidtear le haghaidh grúpáil othar ([15]). Níor cheart an cur chuige cuar LTD a chur i bhfeidhm ach amháin má léiríonn sonraí ó na suirbhéanna maidir le dáileog othar go bhfuil gaol soiléir idir an chainníocht LTD agus paraiméadar na grúpála othar, mar shampla meáchan na n-othar (cuar cainníochta is meáchan LTD). Cuireann an cur chuige sin ar a gcumas do shaoráidí cúraim sláinte comhlíonadh LTDanna a fhíorú bunaithe ar shonraí a bhailítear ó líon teoranta othar (e.g. deich n-othar as a chéile) gan beann ar a méid, trí na pointí sonraí sin a léiriú ar an gcuar LTD. Má tá formhór na bpointí sonraí faoin gcuar LTD, nó má tá cuar a oiriúnaíodh leis na sonraí faoin gcuar LTD, níor sáraíodh an luach LTD ([16]).

([15]) Kiljunen T., Järvinen H. Savolainen S., *Diagnostic reference levels for thorax X-ray examinations of paediatric patients*, *The British Journal of Radiology*, 80 (2007), 452-459, agus Almén A et al. *Establishing paediatric diagnostic reference levels using reference curves – A feasibility study including conventional and CT examinations*, *Physica Medica*, Imleabhar 87, Iúil 2021, Leathanaigh 65-72.

([16]) ICRP, 2017. Leibhéil tagartha dhiagnóiseacha san íomháú míochaine. Foilseachán ó ICRP 135. Ann. ICRP 46(1).

6.2. *LTDanna Míochaine Núicléacha*

Léiríonn difríochtaí a tugadh faoi deara sa mhodheolaíocht le haghaidh LTDanna sa mhíochaine núicléach go bhfuil gá le comhchuibhiú ar fud an Aontais. Ba cheart modheolaíocht chaighdeánach a leanúint, rud a chiallaíonn gur cheart LTDanna a shocrú ag an 75ú peircintíl de dháileachán náisiúnta na ngnáthluachanna. Aithnítear, áfach, go bhféadfaidh na Ballstáit leanúint de mhodheolaíochtaí atá ann cheana a úsáid chun luachanna LTD a ríomh chun a gcumas faireachán a dhéanamh ar threochtaí náisiúnta a choinneáil ar bun. Féadfar aistriú a dhéanamh trí LTDanna a shocrú bunaithe ar an dá chur chuige le haghaidh idirthréimhse, thar thimthriall bailithe sonraí amháin nó thar roinnt timthriallta bailithe sonraí.

Chun úsáid LTDanna a chur chun cinn mar uirlis le haghaidh optamú sa mhíochaine núicléach, ba cheart do na Ballstáit LTDanna a bhunú bunaithe ar radadháileog thomhaiste arna tabhairt de réir meáchan coirp seachas ar radadháileog ainmniúil sheasta arna tabhairt. Cé go n-aithnítear nach n-úsáidtear radadháileog bunaithe ar mheáchan go cliniciúil i gcónaí, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh an cleachtas sin a chur chun feidhme i gcás inarb infheidhme go réasúnta.

Maidir le híomháú hibrideach, ba cheart coincheap LTDanna a leathnú chun comhpháirt CAT an scrúdaithe a chur san áireamh. Ba cheart cuspóirí éagsúla scanadh CAT (ceartúchán caolaithe, logánú agus diagnóisic) a chur san áireamh agus an luach LTD á shocrú.

6.3. *LTDanna radaiteiripe faoi threoir íomhánna*

Ceanglaítear le Treoir 2013/59/Euratom go ndéanfar gach dáileog de bharr nochtadh leighis chun críocha pleanála, treorach agus fíoraithe a optamú. Mar sin féin, níor áiríodh bunú LTDanna le haghaidh radaiteiripe faoi threoir íomhánna go follasach i gcoincheap LTDanna. Maidir leis an méadú seasta ar úsáid radaiteiripe faoi threoir íomhánna i bpleanáil cóireála agus chun críocha suite agus fíoraithe, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar LTDanna ([17]) a bhunú freisin le haghaidh na staideanna nochta sin. Tá rochtain éasca ar chainníochtaí dáileoige ábhartha fós teoranta, agus ba cheart do na Ballstáit dul i dteagmháil le díoltóirí agus le monaróirí trealaimh chun rochtain éifeachtúil ar chainníochtaí dáileoige a éascú chun LTDanna a bhunú i radaiteiripe faoi threoir íomhánna.

7. **LTDanna a úsáid mar uirlis chun an chosaint ar radaíocht i saoráidí cúraim sláinte a optamú**

Ba cheart do na Ballstáit saoráidí cúraim sláinte a spreagadh chun coincheap na LTDanna a chur chun feidhme mar uirlis le haghaidh optamú ina gcleachtas cliniciúil chun cáilíocht agus sábháilteacht feidhmeanna leighis ina n-úsáidtear radaíocht ianúcháin a fheabhsú. Ba cheart tuairisc a thabhairt i gcórais bhainistíochta na saoráidí ar ról agus ar úsáid LTDanna sa phróiseas optamaithe.

Úsáidtear LTDanna chun a shainaithint agus a mheas, i ngnáthchúinsí, an bhfuil méid na radaíochta ianúcháin a úsáidtear in íomháú míochaine nó i ngnáthaimh idirghabhálacha ag saoráid cúraim sláinte áitiúil níos airde nó níos ísle ná mar is gnách. Déantar é sin trí chomparáid a dhéanamh idir a ngnáthluachanna le haghaidh scrúduithe/gnáthamh ar leith in aghaidh luachanna seanbhunaithe náisiúnta LTD. Ba cheart athbhreithniú áitiúil iomchuí a dhéanamh aon uair a sháraíonn na gnáthdháileoga na LTDanna náisiúnta, agus ba cheart gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh gan moill mhíchuí. Má tá na gnáthluachanna go mór faoi bhun na luachanna LTD, ba cheart imscrúdú a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil cáilíocht na n-íomhánna ard go leor le haghaidh na riachtanas cliniciúil.

Aithnítear gur cúram é optamú a éilíonn foireann ildisciplíneach agus nach mór dó na tosca uile a dhéanann difear do dháileog radaíochta agus do cháilíocht íomhánna a chur san áireamh. Chomh maith leis an modheolaíocht LTD a úsáidtear, ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar fhachtóirí amhail cineál trealaimh, rialú cáilíochta, calabrú, paraiméadair nochta agus castacht an ghnáthaimh, chomh maith le hoiliúint an chleachtóra agus an phearsanra a dhéanann gnéithe praiticiúla an ghnáthaimh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag saoráidí cúraim sláinte gnáthluachanna ionadaíocha a bhaint amach, rud a thugann le tuiscint gur cheart na luachanna sin a thabhairt cothrom le dáta tar éis athruithe a dhéanamh ar na prótacail chaighdeánaithe agus tar éis athsholáthar trealaimh nó uasghráduithe bogearraí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dháileog an othair.

Ba cheart do na Ballstáit treoir agus tacaíocht oideachais a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte ionas gur féidir leo coincheap agus úsáid LTDanna a chomhtháthú go hiomlán sa chleachtas cliniciúil.

([17]) I gcás radaiteiripe faoi threoir íomhánna, dá ngairtear 'leibhéil tagartha dáileoige' ar bhealach níos iomchuí.

8. **LTDanna áitiúla a bhunú**

Moltar LTDanna áitiúla a bhunú chun coincheap LTDanna a leathnú tuilleadh fós. Ba cheart LTDanna áitiúla a bhunú i gcás ina bhfuil LTDanna náisiúnta ar iarraidh nó as dáta, nó i gcás ina bhfágann imthosca áitiúla nach bhfuil LTDanna náisiúnta oiriúnach chun críoch optamaithe. Ba cheart riachtanais áitiúla a chur san áireamh agus LTDanna áitiúla á socrú, mar shampla nuair a chuirtear teicneolaíocht nua in úsáid go cliniciúil. Ba cheart an mhodheolaíocht chéanna a leanúint agus LTDanna áitiúla á mbunú agus á n-athbhreithniú agus a leantar chun LTDanna náisiúnta a bhunú agus a athbhreithniú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN 1

Úsáidtear na téarmaí seo a leanas (arna n-oiriúnú ó ICRP 135 ([1])) sa phríomhdhoiciméad:

Ciallaíonn 'cainníocht LTD' méadrach radaíochta a thomhaistear nó a chinntear go coitianta agus go héasca lena ndéantar measúnú ar mhéid na radaíochta ianúcháin a úsáidtear chun cúram íomháithe míochaine a dhéanamh.

Ciallaíonn 'luach LTD' an 75ú peircintíl d'airmheán dháileachán na cainníochta LTD a fhaightear ó shuirbhéanna nó ar bhealaí eile. Baineann an téarma sin le LTDanna Áitiúla agus Náisiúnta (ICRP 135).

Ciallaíonn 'gnáthluach' airmheán dáileacháin cainníochta LTD le haghaidh tásc cliniciúil, scrúdú nó gnáthaimh sainithe. Áirítear leis an dáileachán sonraí ó shaoráid cúraim sláinte ar leith a bhféadfadh seomra X-ghathach amháin nó roinnt seomraí X-ghathach a bheith inti.

Ciallaíonn 'LTD áitiúil' luach LTD le haghaidh gnáthamh X-ghathach a shocraítear i réigiún sonrach tíre nó le haghaidh grúpa saoráidí le haghaidh tásc cliniciúil, scrúdú nó gnáthaimh sainithe.

Ciallaíonn 'LTD náisiúnta' luach LTD a shocraítear i dtír bunaithe ar shonraí ó shampla ionadaíoch de shaoráidí cúraim sláinte sa tír sin le haghaidh tásc cliniciúil, scrúdú nó gnáthaimh sainithe.

Ciallaíonn 'LTD Eorpach' LTDanna a shocraítear san Eoraip mar airmheán dáileacháin LTDanna náisiúnta ó roinnt tíortha Eorpacha.

Soláthraítear cainníochtaí LTD a úsáidtear chun LTDanna a shocrú sa Tábla thíos.

Tábla

Cainníochtaí a bhaineann le dáileog a úsáidtear chun LTDanna a shocrú (oiriúnaithe ó ICRP 135, RP 172 ([2]), RP 185 ([3]), RP 195 ([4]), MEDIRAD ([5]), VERIDIC ([6]) agus HERCA ([7]))

Módúlacht	Giorrúchán	Cainníocht	Aonad
Radagrafaíocht	P_{KA}	Táirge achar-kerma san aer	mGy.cm^2
	$K_{a,e}$	Kerma dromchla-iontrála san aer	mGy
Fiacla, inbhéil	$K_{a,i}$	Kerma ionsaitheach san aer	mGy
Fiacla, lánléargais	P_{KA}	Táirge achar-kerma san aer	mGy.cm^2

([1]) ICRP, 2017. Leibhéil tagartha dhiagnóiseacha san íomháú míochaine. Foilseachán ó ICRP 135. Ann. ICRP 46(1).

([2]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, *Cone beam CT for dental and maxillofacial radiology – Evidence-based guidelines* [CAT léas cón le haghaidh raideolaíocht fhiacla agus mhascaille – Treoirlínte fianaisebhunaithe] (RP 172), Oifig na bhFoilseachán, 2012, https://data.europa.eu/doi/10.2768/21874.

([3]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, *European guidelines on diagnostic reference levels for paediatric imaging* [Treoirlínte Eorpacha maidir le leibhéil tagartha dhiagnóiseacha le haghaidh íomháú péidiatrach] (RP 185), Oifig na bhFoilseachán, 2018, https://data.europa.eu/doi/10.2833/486256.

([4]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinnimh, Damilakis, J., Frija, G., Jaschke, W., Paulo, G. et al., *European study on clinical diagnostic reference levels for X-ray medical imaging* [Staidéar Eorpach maidir le leibhéil tagartha diagnóiseacha chliniciúla le haghaidh íomháú míochaine X-ghathaithe] – EUCLID (RP 195), Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2833/452154.

([5]) Tionscadail ar Impleachtaí an Nochta Leighis don Radaíocht Ísealdáileog (MEDIRAD), Moltaí, 2022, https://www.eibir.org/projects/medirad/medirad-recommendations/

([6]) Dabin, J 2020, 'VERIDIC — Validation and estimation of radiation skin dose in interventional cardiology: *Commissioning and quality control protocols for skin dose calculation software*', AIR2 Bulletin on infrastructures, im. Bealtaine 2020, Uimh. 12, lgh. 1 & 3. https://www.concert-h2020.eu/en/Concert_info/Access_Infrastructures/Bulletins.

([7]) *HERCA proposal on harmonization of DAP units (2012)*, a formheasadh ag an 10ú Cruinniú HERCA, an 31 Deireadh Fómhair 2012.

Módúlacht	Giorrúchán	Cainníocht	Aonad
CAT Léas-Cón	P_{KA}	Táirge achar-kerma san aer	$mGy.cm^2$
Mamagrafaíocht, Tomaisintéis cíche	D_G	Meándáileog fhaireogach	mGy
CAT	$CTDI_{vol}$	Innéacs dáileoige CAT (toirt)	mGy
	DLP	Táirge Faid Dáileoige	mGy.cm
Fluarascópacht agus idirghabhálacha faoi threoir fluarascópacha	P_{KA}	Táirge achar-kerma san aer	$Gy.cm^2$
	$K_{a,r}$	Kerma san aer ag pointe tagartha iontrála an othair	Gy
Míochaine Núicléach		Radadháileog de réir meáchan coirp	$MBq.kg^{-1}$
		Radadháileog arna tabhairt	MBq
Íomháú hibrideach – cuid CAT	$CTDI_{vol}$	Innéacs dáileoige CAT (toirt)	mGy
	DLP	Táirge Faid Dáileoige	mGy.cm

IARSCRÍBHINN 2

Tugtar forbhreathnú sa Tábla thíos ar thásca cliniciúla, ar scrúduithe agus ar ghnáthaimh ar bunaíodh LTDanna Eorpacha ina leith. Tá luachanna LTD arna mbunú ag na tionscadail dá dtagraítear ar fáil ina dtuarascálacha. Ní áirítear iad thíos toisc gur comhiomlán LTDanna iad i roinnt tíortha Eorpacha ag pointe áirithe ama agus ní mheastar go mbeidh siad ina léiriú ar an gcleachtas iarbhír i mBallstát nó i saoráid cúraim sláinte ar leith.

Tábla

Tásca cliniciúla, scrúduithe agus gnáthaimh ar bunaíodh LTDanna Eorpacha ina leith (a oiriúnaíodh ó RP 185, RP 195, MEDIRAD agus VERIDIC)

Módúlacht	Grúpa an Othair	Gnáthamh, réigiún anatamaíoch, tásc cliniciúil	Cainníocht	Aonad
Radagrafaíocht	Othair Phéidiatracha	Ceann AP/PA	P_{KA}	$mGy.cm^2$
		Ceann LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
		Tóracs AP/PA	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Abdóman AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Peilbheas AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
Radagrafaíocht	Othair Fásta	Dromlach ceirbheacsach AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Dromlach ceirbheacsach LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Dromlach tóracsach AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Dromlach tóracsach LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Dromlach lumbach AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Dromlach lumbach LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Blaosc AP/PA	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Blaosc LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Cliabhrach PA	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Cliabhrach LAT	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy
		Abdóman AP	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,e	mGy

Módúlacht	Grúpa an Othair	Gnáthamh, réigiún anatamaíoch, tásc cliniciúil	Cainníocht	Aonad
		Peilbheas AP	P_{KA}	mGy.cm²
			Ka,e	mGy
		Cromán AP	P_{KA}	mGy.cm²
			Ka,e	mGy
CAT	Othair Phéidiatracha	Ceann	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		Tóracs	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		Abdóman	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
	Othair Fásta	Stróc – Rith fola a bhrath nó a eisiamh	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Cuaisíteas ainsealach – Polaipí a bhrath nó a eisiamh	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Tráma dromlaigh cheirbheacsaigh – Lot a bhrath nó a eisiamh	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Eambólacht scamhóige – A bhrath nó a eisiamh	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Scóráil chailciam chorónach – Srathú riosca	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Angagrafaíocht chorónach – Measúnú soithí	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Ailse scamhóg – Céimniú oinceolaíoch, an Chéad chéim agus an Chéim leantach	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm

Módúlacht	Grúpa an Othair	Gnáthamh, réigiún anatamaíoch, tásc cliniciúil	Cainníocht	Aonad
		Carcanóma heipiticeallach – Céimniú oinceolaíoch	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Coiliceam/pian boilg – Cloch a eisiamh nó a bhrath	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
		Aipindicíteas – A bhrath nó a eisiamh	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
			Fad an scanta	cm
Fluarascópacht	Othair Phéidiatracha	Cisteaúireagrafaíocht le linn mún	P_{KA}	$mGy.cm^2$
Idirghabháil faoi threoir fluarascópacha	Othair Fásta	Galar oclúideach artaireach na n-artairí iliach	P_{KA}	$Gy.cm^2$
			Ka,r	mGy
			Aga	nóiméid
		Ceimeambólachtú trasartaireach (TACE)	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,r	mGy
			Aga	nóiméid
		Galar oclúideach artaireach na n-artairí féimearaioscaide	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,r	mGy
			Aga	nóiméid
		Draenáil dhomlasach	P_{KA}	$mGy.cm^2$
			Ka,r	mGy
			Aga	nóiméid
		Idirghabháil Chorónach Thréchraicneach (PCI)	P_{KA}	$Gy.cm^2$
			Ka,r	mGy
		Idirghabháil Chorónach Thréchraicneach Oclúid Ainsealach Iomlán (CTO)	P_{KA}	$Gy.cm^2$
			Ka,r	mGy
		Ionphlandú Traschataitéir Comhla Aortaí (TAVI)	P_{KA}	$Gy.cm^2$
			Ka,r	mGy
Íomháú hibrideach	Othair Fásta	[^{18}F] FDG PET/CAT leathchoirp, ceartú caolaithe amháin	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		[^{18}F] FDG PET/CAT leathchoirp, ceartú caolaithe agus aimsiú suímh anatamaíoch	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm

Módúlacht	Grúpa an Othair	Gnáthamh, réigiún anatamaíoch, tásc cliniciúil	Cainníocht	Aonad
		[^{18}F] FDG PET/CAT inchinne, ceartú caolaithe	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		99mTc-SPECT/CAT cnáimhe (cabhail), aimsiú suímh anatamaíoch	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		SPECT/CAT paraitíoróideach, aimsiú suímh anatamaíoch	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm
		99mTc-SPECT/CAT cairdiach, ceartú caolaithe	$CTDI_{vol}$	mGy
			DLP	mGy.cm

I gcomhréir le RP 195, tagraíonn luachanna Táirge Faid Dáileoige (DLP) a luaitear i dTáblaí 1 agus 2 do sheichimh aonair (DLP_p) nó do scrúdú iomlán (DLP_t), toisc gur cheart faisnéis a sholáthar i gcónaí faoin líon céimeanna a bhreithnítear chun LTDanna a chinneadh agus gur cheart gach céim a mheas sa bhunaíocht, ós rud é go gcuimsítear iontu faisnéis faoi dhálaí nochta an scrúdaithe CAT ina iomláine.

IARSCRÍBHINN 3

Agus LTDanna péidiatracha á mbunú, taispeántar catagóiriú aoise agus meáchain molta i dTábla A thíos.

Tábla A

Catagóiriú aoise agus meáchain molta le haghaidh LTDanna péidiatracha (RP 185)

Grúpaí meáchain molta le haghaidh scrúduithe coirp	Aoisghrúpaí molta le haghaidh scrúduithe cinn
< 5 kg	0 - < 3 mhí
5 - < 15 kg	3 mhí - < go 1 bhliain
15 - < 30 kg	1 bhliain - < 6 bliana
30 - < 50 kg	≥ 6 bliana
50 - < 80 kg	

Moltar catagóiriú na n-othar péidiatrach le haghaidh scrúduithe coirp a dhéanamh bunaithe ar mheáchan. Mar sin féin, i gcás ina ndéantar pobail phéidiatracha a dhifreáil de réir aoise le haghaidh scrúduithe coirp i saoráid cúraim sláinte nó i mBallstát, soláthraítear neaschoibhéis meáchain agus aoisghrúpaí freisin le haghaidh tiontú ábhartha sonraí, féach Tábla B.

Tábla B

Grúpaí meáchain agus aoisghrúpaí chun comparáid a dhéanamh idir LTDanna meáchanbhunaithe agus LTDanna aoisbhunaithe (RP 185)

Tuairisc	Grúpa Meáchain	Aoisghrúpa
Naíonáin Nuabheirthe	< 5 kg	< 1 mhí
Naíonán, lapadán agus luath-óige	5 - < 15 kg	1 mhí - < go 4 bliana
Meán-óige	15 - < 30 kg	4 bliana - < 10 mbliana
Luathógántacht	30 - < 50 kg	10 mbliana - < 14 bliana
Ógántacht dhéanach	50 - < 80 kg	14 bliana - < 18 mbliana